



2025/2124

17.10.2025

CINNEADH (AE) 2025/2124 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Deireadh Fómhair 2025

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithe a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ⁽¹⁾ ('an Comhaontú'), cuireadh feabhas ar chúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na Páirtithe Conarthacha agus ar chomhlíontacht cánach idirnáisiúnta.
- (2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022 agus a rinneadh iad a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir 2011/16/AE ón gComhairle le Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle ⁽²⁾, lenar leasaíodh Treoir 2011/16/AE ón gComhairle ⁽³⁾.
- (3) An 21 Bealtaine 2024, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Prionsacht Lichtinstéin ('Lichtinstéin') chun an Comhaontú a leasú chun na hathruithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe a formheasadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil le hinisiliú an Phrótacail Leasaithe a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ('an Prótacal Leasaitheach').
- (4) Leis na treoracha caibidlíochta, ceanglaíodh ar an gCoimisiún freisin na tagairtí dlíthiúla do reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha maidir le cosaint sonraí a thabhairt cothrom le dáta.
- (5) Is léiriú cuí é téacs an Phrótacail Leasaithe, atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, ar na treoracha chaibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal Leasaitheach a shíniú thar ceann an Aontais agus ba cheart na Dearbhuithe Comhpháirteacha atá i gceangal leis an bPrótacal Leasaitheach a fhorghnó.
- (7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ⁽⁴⁾
- (8) Chuir Lichtinstéin, ar bhonn a ballraíochta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ chun feidhme trí bhíthin Ghníomh um Chosaint Sonraí an 4 Deireadh Fómhair 2018,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

⁽¹⁾ IO L 379, 24.

Airteagal 1

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, síniúan Phrótacail Leasaithe a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithe sin ⁽⁶⁾.

Airteagal 2

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le hAirteagal 5 den Chomhaontú agus Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le teacht i bhfeidhm agus éifeacht an Phrótacail Leasaithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE

⁽⁶⁾ Foilseofar téacs an Phrótacail Leasaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.